Rannan na Scoileanna-Airgeadas
An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Corr na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Schools Division-Financial
Department of Education
and Skills,
Cornamaddy,
Athlone,
Co. Westmeath.

Ciorclán 0040/2017

Chuig Príomhoide/ Rúnaí Bhord Bainistíochta
gach Pobalscoile agus gach Scoil Chuimsitheach

RÁTAÍ ATHBHREITHNITHE TAISTIL AGUS COTHABHÁLA

Réamhrá

Tar éis don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú a dhéanamh chun comhrátaí a leagan síos le haghaidh Taistil & Cothabhála do gach fostaí sa tseirbhís phoiblí, is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna ceadú a chur in iúl do Phobalscoileanna agus do Scoileanna Cuimsitheacha maidir le rátaí athbhreithnithe Taistil agus Cothabhála atá iníoctha le héifeacht ón 1 Aibreán 2017. Leagtar amach na rátaí athbhreithnithe, de réir mar is cuí, in Aguisín 1 agus 2 thíos.

Baineann na rátaí athbhreithnithe le taisteal baile amháin. Beidh faomhadh scríofa roimh ré ón Aire fós ag teastáil le haghaidh aon chaiteachais ó chistí scoile maidir le cuairteanna thar lear.

Ba chóir go leanfaí den bhreithmheas dian agus den mhonatóireacht ar chaiteachas ar thaisteal agus ar chothabháil. Tá sé de dhualgas ar Phríomhoidí agus ar Bhoird Bainistíochta a chinntiú nach ndéantar ach taisteal riachtanach agus go ndéantar gach iarracht chun an caiteachas a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Ba chóir go ndéanfaí an taisteal ar an mbealach praiticiúil/ar na bealaí praiticiúla is gaire agus is féidir. Má tá taisteal ar thraein nó ar bhus infheidhmithe, is é an liúntas a bheidh le híoc ná costais iarbhíre an taistil. Nuair is gá feithicil phríobháideach oifigigh a úsáid, íocfar liúntais taistil ar aon dul leis na rátaí a dtugtar fógra dóibh sa chiorclán seo.

Rinne fógra na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar na rátaí athbhreithnithe nóta de go raibh siad faoi réir Chiorcláin 11/82 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus aon institiúide eile a bhíonn i bhfeidhm ó am go ham, lena n-áirítear na riachtanais faid a imlínítear i gCiorclán 05/2015 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: Liúntais Chothabhála le héifeacht ón 1 Iúil 2015. Tá siad seo infheidhme de réir mar is cuí san Earnáil Phobail agus san Earnáil Chuimsitheach.

Tagann an ciorclán seo in ionad, de réir mar is cuí, an cháis atá leagtha amach i gCiorclán 2/99 na Roinne.

Socruithe Athbhreithnithe

1. Rátaí Taistil i nGluaisteán.
   1.1. Tá athbhreithniú déanta ar an gcóras a bhí ann roimhe seo maidir le rátaí agus bandaí míleáiste atá tar éis bheith in áit ó bhí 1999 ann i gcomhthéacs riachtanas agus coinníollacha na gluaisteánaíochta ár linne.
   1.2. Tá na rátaí athbhreithnithe bunaithe ar mhodheolaíocht a léiríonn athruithe sa teicneolaíocht, i staid na mbóithre, in iompar comaitéirí agus i bpatrúin a bhaineann le húinéireacht gluaisteán. I measc chuid de na príomhathruithe a rinneadh ar an bhfoirmle tá:

a) Méadú sna bandaí faid ó dhá cheann go ceithre cinn a cheadaíonn córas cúitimh ina mbeidh níos mó miondifríochtaí ann a bheidh dírithe ar dhaoine aonair a dhéanann méid suntasach tiomána a bhaineann leis an obair;
b) Ráta níos ísle maidir leis an méid airgid a fhaightear ar ais don chéad 1,500 ciliméadar;
c) Ráta méadaithe maidir leis an méid airgid a fhaightear ar ais ó 1,501 km go 5,500 km atá dírithe ar dhaoine aonair a dhéanann méid suntasach tiomána a bhaineann leis an obair;
d) Rátaí cúitimh níos tairbhí do ghluaisteáin a bhfuil méid innill níos lú acu agus méid astaíochtaí níos lú acu;
e) Tá an fhoirmle le haghaidh míleáiste a ríomh anois ag glacadh leis go n-athraíonn duine a c(h)arr gach ceithre bliana in ionad gach trí bliana;
f) Tá tiomantas i bpolasaí Náisiúnta an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide d'fhorbairt a dhéanamh ar pholasaí cost-éifeachtúil chun astaíochtaí carbóin a ísliú agus éifeachtúlacht a mhéadú laistigh d'earnáil an iompair. Déantar suntas den tábhacht a bhaineann le daoine a spreagadh chun feithiclí agus chun modhanna taistil atá níos oiriúnaí don chomhshaol a roghnú agus déanfar socruithe amach seo sa treo seo de réir a chéile sna hathbhreithnithe a dhéanfar amach anseo i bhfoirmle an mhíleáiste.

1.3. Tá mionsonruithe maidir leis na socruithe atá leagtha amach sa chiorclán seo i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2017.

1.4. Ní athrófar méid an mhíleáiste atá carntha ag daoine aonair idir an 1 Eanáir 2017 agus an 1 Aibreán 2017 le tabhairt isteach na mbandaí agus na rátaí nua seo. Áireofar, áfach, an míleáiste go dáta i dtreo an mhíleáiste comhiomlánaithe don bhliain. Mar shampla, daoine aonair ag tiomáint i gcarr de mhéid innill '1200-1500cc' a d'éiligh 1,400 ciliméadar ar an 1 Aibreán 2017 ansin bhogfaidís chuig Banda 1 nua agus gheobhaidís 39.86 cent in aghaidh an chiliméadair. A luaithe agus a bhíonn 100 ciliméadar níos faide déanta acu, bhogfaidís ansin go Banda 2 agus gheobhaidís 73.21 cent gach ciliméadar.

1.5. Ba chóir gach éileamh míleáiste atá gan íoc i leith na tréimhse 1 Eanáir 2017 go 31 Márta 2017 a dhéanamh a luaithe agus is féidir agus d'fhéadfaí go ndéanfaí é a íoc de réir na socruithe a bhain leis roimh an 1 Aibreán 2017.

1.6. Beidh na rátaí atá liostaithe in Aguisín 1 den chiorclán seo glasáilte ar feadh tréimhse trí bliana. Tá sé i gceist ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go n-áireofar ráta cúig bliana athsholáthair in aon athbhreithniú a dhéantar ar an bhfoirmle seo feasta, chun go n-áirítear éifeachtúlacht mhéadaithe agus feabhsúcháin i dteicneolaíocht gluaisteán.

1.7. Tá baill Boird agus fostaithe de chuid an Bhoird atá gafa le gnó an Bhoird/gnó na scoile freagrach as a gcuid árachais féin agus iad ag baint úsáide as a gcuid feithiclí príobháideacha féin le haghaidh na hoibre. Mar a ndéantar breac-chuntas air i gCiorclán 0017/2016 ní mór Foirm Dhearbhaithe a bheith comhlánaithe ag aon fhostaí/ball den Bhord Bainistíochta a bhaineann úsáid as a bhfeithicil phríobháideach féin le haghaidh gnó scoile.

2. Gnáthrátaí Cothabhála Baile

2.1. Tá aontaithe ag an Aire go ndéanfar athruithe ar na rátaí le héifeacht ón 1 Aibreán 2017. Tá na rátaí athbhreithnithe sainithe in Aguisín 2.

2.2. Faoi réir na nósanna imeachta comhaontaithe agus ar aon dul leis na hathruithe ar Phraghasinnéacs Tomhaltóirí, tá méadú ar an ngnáthráta thar oíche, ach níl aon athrú ar an dá ráta lae.

3. Ráta Lóistín Deimhnithe do Bhaile Átha Cliath

3.1. Mar aitheantas ar na deacrachtaí a bhaineann le lóistín cuí a aimsiú i mBaile Átha Cliath laistigh den ghnáthráta, tá aontaithe, le héifeacht ón 1 Aibreán 2017, gur féidir go

mbeadh ráta Lóistín Deimhithe i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2017 i gcás go mbíonn daoine aonair ag éileamh liúntas thar oíche i mBaile Átha Cliath.

3.2. I gcásanna den chineál sin, is féidir éileamh a dhéanamh ar Ráta Lóistín Deimhnithe lena n-áirítear na costais **dheimhnithe** lóistín suas go dtí teorainn an ghnáthráta thar oíche (€133.73) chomh maith leis an ráta cuí lae do bhéilte an duine aonair.

3.3. De réir an pholasaí atá ann faoi láthair, nuair a fhaigheann duine aonair lóistín a sháraíonn costas an ráta thar oíche nó costas an lóistín de réir mar is cuí, is iadsan amháin a bheidh freagrach as íoc as an gcostas breise lóistín sin.

3.4. Beidh an gnáthráta thar oíche fós i bhfeidhm i gcás go bhfaigheann daoine aonair lóistín agus béilí i mBaile Átha Cliath laistigh den ráta. I gcás nach féidir le daoine aonair teacht ar lóistín laistigh den ráta seo, is féidir leo an ráta Lóistín Deimhnithe a éileamh. Ní mór costais lóistín agus iad ag éileamh an ráta Lóistín Dheimhnithe a dhearbhú.

Ciorclaíocht agus Ceisteanna

4. Cinntigh le do thoil go dtugtar cóipeanna den Chiorclán seo chuig gach ball den Bhord Bainistíochta agus go dtugtar an t-eolas atá ar fáil ann ar aird na mball foirne ar fad i do chuid fostaíochta, lena n-áirítear na daoine sin atá ar chead neamhláithreachta.

5. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi www.education.ie

6. Ba chóir ceisteanna ó scoileanna maidir leis an gCiorclán seo a chur chuig Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha:

- Rphost chuig office@accs.ie
- Cuir glaoch ar 01 4601150

Hubert Loftus
Príomhoifigeach
Airgeadais Scoileanna
Aibreán 2017

Aguisín 1

Rátaí in aghaidh an chiliméadair
le héifeacht ón 1 Aibreán 2017

Bandaí Faid		Toilleadh Sorcóra suas go 1200cc	Toilleadh Sorcóra 1201cc go 1500cc	Toilleadh Sorcóra 1501cc agus os a chionn
Banda 1	0 - 1,500km	37.95 cent	39.86 cent	44.79 cent
Banda 2	1,501 – 5,500 km	70.00 cent	73.21 cent	83.53 cent
Banda 3	5,501 – 25,000 km	27.55 cent	29.03 cent	32.21 cent
Banda 4	25,001 km agus os a chionn	21.36 cent	22.23 cent	25.85 cent

Rátaí Laghdaithe Taistil i nGluaisteán in aghaidh an chiliméadair

Toilleadh Sorcóra suas go 1200cc	Toilleadh Sorcóra 1201cc go 1500cc	Toilleadh Sorcóra E1501cc agus os a chionn
16.59 cent	17.63 cent	18.97 cent

Aguisín 2

Gnáthrátaí Cothabhála Baile

le héifeacht ón 1 Aibreán 2017

Rátaí Thar Oíche		
Gnáthráta	Ráta Laghdaithe	Ráta Coinneála
€133.73	€120.36	€66.87

Rátaí Lae	
10 n-uaire nó os a chionn	5 uaire nó níos lú ná 10 n-uaire
€33.61	€14.01

Lóistín Deimhnithe (CD) Rátaí Cothabhála Baile (le húsáid i mBaile Átha Cliath amháin)

Ráta Lóistín Dheimhnithe (CD)	Lóistín		Béilí
Ráta CD	Costas **deimhnithe** lóistín suas go dtí €133.73	Plus	€33.61